CINNEADH Uimh. 49/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 18 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1117]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE ([1]), tá sé le hionchorpú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2018/858, aisghairtear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 50 (Rialachán (AE) 2019/26 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

"51. **32018 R 0858**: Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha Chomhaontaithe LEE, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) In Airteagail 9(1) go (5), cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' in ionad na bhfocal 'an Coimisiún' nuair a dheonaítear an cineálcheadú i gceann de Stáit CSTE.

(b) Beidh Stáit CSTE rannpháirteach san Fhóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú arna bhunú in Airteagal 11 agus san Fhóram maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoi Fheithiclí arna bhunú in Airteagal 66.

(c) In Airteagal 15(2), cuirfear isteach na focail 'nó d'Údarás Faireacháin CSTE má deonaíodh an cineálcheadú i gceann de Stáit CSTE' tar éis na bhfocal 'don Choimisiún'.

(d) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, in Airteagal 53(1)-(6), cuirfear isteach na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE maidir le Stáit CSTE' tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(e) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, in Airteagal 54, cuirfear isteach na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE maidir le Stáit CSTE' tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

([1]) IO L 151, 14.6.2018, lch. 1.
([2]) IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.

(f) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, in Airteagal 56(6), cuirfear isteach na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE maidir le Stáit CSTE' tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(g) Cuirfear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 85(1):

'Is é Údarás Faireacháin CSTE a dhéanfaidh na cúraimí in Airteagal 85(1) i gcás na ngnóthas lena mbaineann i Stáit CSTE.'

(h) Cuirfear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 85(4):

'Maidir le Stáit CSTE, cinnfidh Stáit CSTE leithdháileadh mhéideanna na bhfíneálacha riaracháin.'."

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointí 45zt (Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 45zzk (Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

"- **32018 R 0858**: Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1)."

3. Scriostar téacs phointe 45zx (Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2018/858 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022 ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.